

Dáta	Leibhéal ranga Rang a hAon agus Rang a Dó	Ábhar Tíreolaíocht
Snáithe Imshaoil Nádúrtha	Snáithaonad An tImshaol Nádúrtha Áitiúil	
Teideal Logainmneacha in aice an Chladaigh a Bhreathnú agus a Imscrúdú		
Cuspóir(i) Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh leanaí sainathint, iniúchadh agus plé ar roinnt mórghnéithe nádúrtha den imshaol áitiúil, lena n-áirítear cladach, inbhear, bána, cuaisíní, cuanta agus oileáin.		
Scileanna atá Riachtanach Tuiscint d'áit agus do spás; Pictiúir, léarscáileanna agus cruinneoga a úsáid; Breathnú; Imscrúdú agus Triail; Taifeadadh agus cumarsáid a dhéanamh		
<p>Cuspóirí foghlama</p> <p>Cuirfear ar chumas an linbh:</p> <p>Tuiscint a fhorbairt ar mhéid ollmhór aigéin an domhain trí obair chruinneoige.</p> <p>Páirt a ghlacadh i staidéar léarscáile chun gnéithe cósta nádúrtha a shainathint sa dúiche.</p> <p>Idirghníomhú leis an léarscáil chun tuiscint d'áit agus do spás a fhorbairt.</p> <p>Úsáid a bhaint as TFC chun stair na logainmneacha áitiúla feadh líne an chósta a iniúchadh.</p> <p>Páirt a ghlacadh i ngrúpobair chun léarscáil dá gcuid féin a chruthú ach ábhair aimsithe a úsáid.</p>	<p>Gníomhaíochtaí foghlama</p> <p>Léarscáileanna, Cruinneoga agus Atlais: Tosaigh le ceacht lena ngabhann gníomhaíocht mhear chruinneoige. B'fhearr cruinneog inséidte a úsáid le haghaidh na gníomhaíochta seo. Seasann na leanaí i gciocal agus caitheann siad an chruinneog thart. Deir siad an dath ar a dtiteann a n-ordóg. Míníonn an múinteoir gurb ionann gorm agus uisce agus gurb ionann glas agus talamh. Is gníomhaíocht í seo a léiríonn an méid de dhromchla an domhain atá comhdhéanta d'uisce.</p> <p>Léarscáileanna, Cruinneoga agus Atlais: Taispeáin léarscáil ón aer den cheantar áitiúil. An féidir leis na leanaí an t-uisce agus an talamh a shainathint? Cad é an ghné atá le sonrú nuair a bhuaileann an t-uisce agus an talamh le chéile? An eol d'aon duine ainm aon bhá áitiúil, aon trá áitiúla nó aon chinn tíre áitiúil? Iarr ar leanaí teacht suas chun limistéir ar léarscáil na hÉireann a shainathint.</p> <p>Úsáid as TFC: Is féidir gabháil limistéir ar an gClár Bán Idirghníomhach a úsáid chun gabháil scáileáin a ghlacadh den léarscáil. Dá</p>	

bharr sin, is féidir leis na leanáí an léarscáil a mharcáil leis na pinn chláir bháin. Is féidir leo roinnt mórghnéithe nádúrtha den imshaol áitiúil a mharcáil, lena n-áirítear cladach, inbhear, bána, cuaisíní, cuanta agus oileáin. Taispeáin pictiúir de na cineálacha éagsúla imshaoil in aice na farraige do na daltaí. Ba chóir do na daltaí an bealach a d'fhéadfadh siad taisteal chun dul chuig an gcladach is gaire, chuig an mbá is gaire, etc. a mharcáil.

Labhairt agus Plé:

D'fhéadfadh na daltaí ainmneacha na ngnéithe nádúrtha áitiúla a phlé agus roinnt taighde a dhéanamh ar shanasaíocht na n-ainmneacha, rud a chuireann an bhrí agus roinnt staire san áireamh sa cheacht.

Obair Chomhoibríoch:

Roinntear an rang ina ghrúpaí agus tarraingíonn gach grúpa léarscáil chósta den cheantar áitiúil ar leathanaigh mhóra pháipéir.

D'fhéadfaí é sin a dhéanamh níos spéisiúla do na grúpaí ach ábhair athchúrsáilte a chur ar fáil dóibh lena n-úsáid chun a léarscáil a chruthú e.g. plaisteach gorm don fharraige, greanpháipéar don trá etc.

Acmhainní

Cruinneog

Léarscáileanna ón Aer ar Chlár Bán Idirghníomhach

Grianghraf de do chladach áitiúil, de d'inbhear áitiúil, de do bhánna áitiúla, de do chuaisíní áitiúla, de do chuanta áitiúla agus / nó de d'oileáin áitiúla. Mar mhalairt air sin, íoslódáil íomhánna cineálacha ón suíomh Gréasáin.

	<p>Páipéar bán</p> <p>Ábhair aimsithe</p>
<p>Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	
<p>Measúnú Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú Ealaín: Fabraic agus snáithín a úsáid chun léarscáileanna a chruthú Stair: Taighde a dhéanamh ar an stair áitiúil chun an bhrí leis na logainmneacha/na hainmneacha sa dúiche a aimsiú Teanga bhéil: Caint agus díospóireacht ar ghnéithe nádúrtha áitiúla.</p>	